Nuair a thagann príosúnach go Príosún Chruithneachtáin, próiseáiltear é trí limistéar fáiltithe na bpríosúnach i gcomhréir le rialacháin an phríosúin. Taifeadtar gach earra pearsanta. Coinníonn na húdaráis na hearraí sin i stóráil shábháilte taisceadáin ina dhiaidh sin. Ar theacht isteach, is féidir éadaí atá ceadaithe ag an bpríosún a chur ar fáil do phríosúnaigh. Tá na héadaí sin ar chaighdeán maith. Cuirtear táirgí sláinteachais phearsanta ar fáil don phríosúnach freisin. Ar scaoileadh, tugtar earraí pearsanta an phríosúnaigh ar ais dó. Níor cuireadh aon saincheisteanna in iúl dúinn maidir leis an nós imeachta sin.

### **Limistéar Cimithe na bPríosúnach:**

Tar éis an príosúnach a phróiseáil ag an limistéar fáiltithe, tugtar é chuig an sciathán cimithe, áit ina gcaitheann sé a chéad oíche sa phríosún. Agus é ansin, tugtar rialacha an phríosúin dó agus mínítear a chuid teidlíochtaí dó. Is san áit seo a chinneann na príosúnaigh agus na húdaráis cén chuid den phríosún atá is oiriúnaí don phríosúnach. Creideann an coiste gur beart dearfach é sin maidir le laghdú a dhéanamh ar an strus atá ar phríosúnaigh atá ag teacht chuig an bpríosún. Cabhraíonn sé leis na húdaráis ó thaobh bhainistíocht an phríosúin de freisin.

### **Tailte an Phríosúin:**

Bhain an Príosún dea-úsáid as a chuid tailte inmheánacha. D'fhorbair sé plandlann bláthanna agus plandaí ar chaighdeán an-ard. Úsáidtear na plandaí agus na bláthanna sin chun cuma níos fearr a chur ar an bpríosún. Cuireann sé roinnt oiliúint mhaith ar fáil do phríosúnaigh atá páirteach sa scéim freisin. Is príosúnaigh atá ag caitheamh saoil ar réim dhreasaithe fheabhsaithe iad na príosúnaigh atá páirteach sa chlár seo. Tá nasc ar bun le grúpaí pobail áitiúil i.e. Grúpa Bailte Slachtmhara Chluain Dolcáin, agus soláthraíonn an Príosún bláthanna le haghaidh limistéir phoiblí an phobail. Oibrítear an clár ar bhealach anghairmiúil. Úsáideann an clár uisce báistí athchúrsáilte. Coinnítear bail mhaith ar na tailte i gcónaí. Oibrítear clár suntasach bainistíochta dramhaíola laistigh den phríosún.

### **Cistin/Lónadóireacht:**

Oibrítear an chistin de réir leibhéal an-ard. Tá timthriall biachláir 28 lá i bhfeidhm. Tugann sé sin raon leathan bianna agus béilí do na príosúnaigh. Glactar cúram ar leith chun a chinntiú go bhfuil an biachlár sláintiúil agus cothaitheach araon. Cuirtear riachtanais chothaithe speisialta san áireamh freisin. Má tá gá ag príosúnach le bia speisialta, tá sé luaite ag an bpríosún go bhfaigheadh sé é. Tá na cistineacha oiriúnach d'oiliúint i lónadóireacht a chur ar phríosúnaigh agus úsáidtear iad chun é sin a dhéanamh. Tá foireann na cistine an-spreagtha agus bródúil as a cuid oibre. Oibrítear an chistin agus a cuid stóras ar bhealach gairmiúil. Rinne údaráis sheachtracha iniúchadh agus cigireacht ar na cistineacha agus fuair na cistineacha an creidiúnú cuí. Níor cuireadh aon ábhair imní in iúl don choiste maidir leis an mbia, seachas roinnt iarratais chothaithe speisialta. Ullmhaíodh béilí don choiste sna cistineacha freisin, agus mheas sé go raibh siad ar chaighdeán ard. Baineann luach tairbheach leis na scileanna a foghlaimíodh sa chistin ar scaoileadh na bpríosúnach. Téann príosúnaigh chuig na limistéir dháilte cistine chun a gcuid béilí a bhailiú.

### **Oideachas:**

Feidhmíonn an príosún cuid mhór seirbhísí oideachais agus oiliúna. Ar chimiú, spreagtar príosúnaigh chun dul isteach sa chlár oideachais. Tá cuid mhór leibhéal ar féidir dul isteach sna haonaid oideachais iontu, idir oiliúint bhunúsach agus leibhéal na hOllscoile Oscailte. Tá oideachas bunúsach ginearálta, Leibhéal Fetac 3, 4 agus 5, an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht ar fáil. Braitheann an Leibhéal ar an ábhar. Is cosúil go bhfuil fadhbanna litearthachta ag a lán príosúnach. Mar sin, tá sé tábhachtach aon phríosúnaigh a bhfuil fadhbanna litearthachta acu nó a bhfuil disléicse orthu a aithint mar go gcinneann roinnt de na príosúnaigh sin gan dul isteach sa phróiseas oideachais. Measann an Coiste Cuairte go mbeadh sé oiriúnach measúnú a dhéanamh ar gach duine idir 17 mbliana d'aois agus 18 bliana d'aois chun fadhbanna ar nós NHEA, Disléicse etc. a shainaithint. Chabhródh cúrsaí i mbainistíocht feirge agus ionbhá leis na príosúnaigh idir 17 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois freisin. Tá an fhoireann oideachais tiomanta agus dícheallach. Déanann siad iarracht mhór an tsaoráid oideachais a dhéanamh spreagthach agus tairbheach. Baineann an fhoireann an dá rud sin amach. Tá an tsaoráid oideachais ina timpeallacht shábháilte inar féidir le príosúnaigh leas a bhaint as an tsaoráid. Ní chuirtear suas le bulaíocht, le foréigean ná le hiompar bagrach laistigh den tsaoráid agus baintear príosúnaigh atá páirteach in iompar diúltach. Déantar measúnú ar phríosúnaigh chun a fháil amach cén leibhéal oideachais atá is oiriúnaí dóibh. Tá raon leathan cúrsaí ar féidir le príosúnaigh páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear matamaitic, gnó, ríomhaireacht, oideachas sláinte, na

healaíona cruthaitheacha agus ceardaíocht, stair, tíreolaíocht, socheolaíocht agus teangacha. Creideann an coiste go mbainfeadh an clár oideachais tairbhe as tuilleadh acmhainní a bheith aige, go háirithe chun aire na bpríosúnach sin a bhfuil fadhbanna litearthachta acu agus nach dtéann isteach sna cláir oideachais a tharraingt.

### **Leabharlann:**

Tá leabharlann le haghaidh úsáid na bpríosúnach ag Príosún Chruithneachtáin. Measann an coiste gur acmhainn thearcúsáidte í toisc go mbíonn sí dúnta go minic. Is é ceann de na príomhchúiseanna le tearcfheidhmíocht na leabharlainne ná fadhbanna a bhaineann le soláthar foirne a chur ar fáil di. Ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar an acmhainn leabharlainne.

### **Ceardlanna Oiliúna:**

Is é an plean fadtéarmach do Phríosún Chruithneachtáin ná institiúid oiliúna a dhéanamh de arís. Ar chigireacht, mheas an coiste go raibh na haonaid oiliúna ceardlainne ar leibhéal an-ghairmiúil. Cuimsíonn an tsaoráid ceardlanna siúinéireachta, miotail, priontála agus péinteála. Tá na teagascóirí tiomanta dá gcuid oibre agus saoráide agus tá siad bródúil astu. Faigheann príosúnaigh ardleibhéal oiliúna agus scileanna ar chríochnú na gcúrsaí. Tá raon leathan uirlisí agus innealraí ag na saoráidí, agus is féidir le príosúnaigh úsáid a bhaint astu chun a gcuid oibre a chur i gcrích. Chuir an príosún nasc ar bun le grúpaí seachtracha freisin i.e. carthanais inar féidir leas a bhaint as cuid de tháirgí agus de sheirbhísí na bpríosúnach. Is féidir leis na scileanna a foghlaimíodh sna saoráidí sin bheith chun tairbhe mhór do phríosúnaigh ar scaoileadh. Is timpeallacht an-spreagthach agus an-fhiúntach í freisin, áit inar féidir le príosúnaigh fás pearsanta a bhaint amach. Creideann an coiste go bhfuil sé tábhachtach go leantar ar aghaidh leis na hacmhainní is gá chun na ceardlanna oiliúna a chur i gcrích a chur ar fáil don phríosún. Creidimid freisin go gcothabháiltear na háiseanna seo de réir caighdeán an-ard. Tugadh faoi deara freisin gur leagadh leibhéal ard béime ar shláinte agus ar shábháilteacht.

### **Gníomhaíochtaí Fisiciúla:**

Creideann an coiste go bhfuil leibhéal an-mhaith gníomhaíochtaí fisiciúla i bhfeidhm sa phríosún. Tá rogha mhaith trealaimh ag spórtlanna an phríosúin inar féidir le príosúnaigh traenáil. Tá an-tóir ag na príosúnaigh ar na spórtlanna. Tá sé tábhachtach go gcoinnítear bail mhaith ar na píosaí trealaimh. Faigheann príosúnaigh sa réim dhreasaithe bhunúsaigh uair amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine agus faigheann na príosúnaigh siúd sa réim dhreasaithe fheabhsaithe dhá uair ar a laghad in aghaidh na seachtaine. Tá páirc imeartha uile-aimsire ag an bpríosún agus úsáidtear an tsaoráid sin go minic. Tá halla spóirt ann freisin agus is féidir le príosúnaigh spóirt amhail sacar faoi dhíon agus badmantan, i measc nithe eile, a imirt ann. Glacann údarais an phríosúin le cur chuige dearfach i leith gníomhaíocht fhisiciúil. Tá siad ag cur babhláí faoi dhíon chun feidhme do phríosúnaigh níos sine faoi láthair agus tá siad ag smaoineamh faoi chlár rugbaí leaiste a chur chun feidhme. Creideann an coiste go bhféadfadh príosúnaigh aclaí agus shláintiúla go mbeadh ualach níos lú ar sheirbhís sláinte an phríosúin.

### **Clóis an phríosúin:**

Tá clóis an phríosúin ina spásanna móra a bhfuil dea-sholas nádúrtha acu. Tá siad clúdaithe le líontán chun earraí a chaitear ó thaobh amuigh den phríosún a stopadh ó theacht isteach sna clóis. Cuirtear nósanna imeachta slándála i bhfeidhm freisin chun a chinntiú nach dtabharfar armáin isteach sna clóis. Tuigeann an coiste go bhfuil drugaí á gcaitheamh ó áiteanna lasmuigh de bhallaí an phríosúin ar an líontán, mar a n-aisghabhann na príosúnaigh na pacáistí trí mhíreanna a chaitheamh aníos ar an líontán chun na pacáistí a scaoileadh.

### **Neachtlan:**

Is saoráid mhór í neachtlan Phríosún Chruithneachtáin. Déileálann sí leis na riachtanais níocháin uile de chuid Phríosún Chruithneachtáin agus Phríosún Chnoc na Seamar. Is saoráid nua-aimseartha í a chuireann dea-dheiseanna oiliúna ar fáil do phríosúnaigh agus a laghdaíonn costais oibriúcháin don phríosún ag an am céanna. Ar chigireacht, is seirbhís ghnóthach a úsáidtear go maith agus a oibrítear ar bhealach an-ghairmiúil í an neachtlan. Níor cuireadh aon tuairiscí ná aon saincheisteanna in iúl don choiste ó phríosúnaigh maidir leis an tseirbhís seo.

### **Post na bPríosúnach:**

Déileáiltear go héifeachtúil le seirbhís poist na bpríosúnach den chuid is mó. Coisctear post na bpríosúnach atá ag teacht isteach/ag dul amach i gcomhair ráiteas, tuairimí agus ábhair atá míchuí. Is féidir le príosúnaigh post príobháideach a fháil ó phearsanra dlí má tá sé i gclúdach litreach ar leith laistigh den phost bunaidh. Is féidir post pearsanta nó íogair a chur go díreach chuig an gCoiste Cuairte. Tá na príosúnaigh sásta leis an gcóras den chuid is mó, toisc nár cuireadh ach saincheist amháin in iúl dúinn maidir le post. Réitíodh é sin go pras. Ba cheart lánsonraí poist/teagmhála an Phríosúin a thabhairt do phríosúnaigh. Ní raibh aon fhadhbanna móra ag an gcoiste maidir le post na bpríosúnach i mbliana.

### **Réimeanna Araíonachta:**

Oibríonn an príosún trí leibhéal réime dreasaithe – réim dhreasaithe bhunúsaigh, réim dhreasaithe chaighdeánaigh agus réim dhreasaithe fheabhsaithe. Téann gach cime nua isteach sa réim dhreasaithe chaighdeánaigh. Ag brath ar rannpháirtíocht an chime sa chóras, d'fhéadfaí a réim a íosghrádú go réim dhreasaithe bhunúsaigh. Cailtear pribhléidí áirithe faoin gclár dreasaithe bhunúsaigh, mar shampla, cailtear an rochtain atá acu ar an spórtlann, ar chonsóil chluichí, ar chuartheanna teaghlaigh, ar scothfhostaíocht agus ar scothchóiríocht. Chuir na húdaráis an réim sin chun feidhme i gcás príosúnach nach nglacann páirt sa chóras. Creideann an coiste go bhfuil cailleadh na bpribhléidí sin cothrom. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheart cailleadh na bpribhléidí sin a riar ar bhealach cóir agus cothrom. Tugtar rialacha soiléire príosúin agus treoirlínte soiléire araíonachta do gach príosúnach. Níor cheart an réim sin a úsáid ar phríosúnaigh gan fógra soiléir a thabhairt don phríosúnach faoina shárú.

Tugtar luach a saothair do phríosúnaigh a chomhlíonann na caighdeáin níos dúshlánaí trí iad a uasghrádú go dtí an réim dhreasaithe fheabhsaithe. Tá buntáistí a bhaineann le bheith ar an réim dhreasaithe fheabhsaithe, mar shampla, suas le 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae a chaitheamh lasmuigh den chillín, tuilleadh rochtana ar an spórtlann, tuilleadh cuairteanna agus glaonna teileafóin. Is í an phribhléid is mó ná go bhfuil an réim dhreasaithe fheabhsaithe lonnaithe i sciathán nua an phríosúin. Tá an-tóir air sin toisc go bhfuil na dálaí sa sciathán nua níos fearr. Mothaíonn na príosúnaigh níos sábháilte agus níos compordaí sa sciathán nua. Tá na cillíní níos fearr agus tá a leagan amach dearaidh níos fearr ná leagan amach na coda den phríosún a tógadh níos luaithe. Ní mór do phríosúnaigh dul isteach sa réim dhreasaithe fheabhsaithe sular féidir iad a bhreithniú le haghaidh aistrithe chuig príosún oscailte nó le haghaidh scaoileadh sealadach. Níor cheart an réim sin a bhaint ó phríosúnach gan fógra soiléir a thabhairt dó faoina shárú. Creideann an coiste gur córas cothrom í úsáid na réimeanna éagsúla príosúin nuair a riartar é ar bhealach cóir agus cothrom. Tá cumarsáid shoiléir idir údaráis an phríosúin agus príosúnaigh an phríosúin tábhachtach chun gur féidir leis an gcóras seo oibriú go héifeachtach. Tá sé tábhachtach go bhfuil gach príosúnach eolach ar nósanna imeachta pionóis an phríosúin agus go dtuigeann siad na hiarmhairtí ar na rialacha a shárú.

Is féidir le príosúnaigh pionóis P19 a fháil má bhriseann siad rialacha laistigh den phríosún. Is é atá i gceist le pionós P19 ná cailleadh pribhléidí ar feadh tréimhse ainmnithe ama. Ní chreideann an coiste go n-úsáidtear pionós P19 go rómhínic i bPríosún Chruithneachtáin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcreideann an coiste gur cheart míniú soiléir a thabhairt faoi cén fáth a bhfuair an príosúnach pionós P19. Tá próiseas achomhairc laistigh den chóras, rud trínar féidir leis an nGobharnóir cinneadh sáraitheach a dhéanamh. Tá bealaí eile trínar féidir le príosúnach pionós a achomharc. Is é atá i gceist leis sin ná go gcuirtear tuairisc chuig Seirbhís Príosún na hÉireann (IPS) le haghaidh cinnidh. Creideann an coiste gur féidir leis an IPS barraíocht ama a thógáil chun rialú a thabhairt ar ghearán nó ar achomharc. Molann an coiste nár cheart don phróiseas achomhairc níos mó ná trí lá a thógáil.

I measc dreasachtaí eile a úsáidtear chun luach saothair a thabhairt ar son dea-iompair, tá an deis chun aistriú a fháil chuig príosún oscailte. Measann an coiste gurb é sin ceann de na huirlisí dreasachta is fearr atá ag an bpríosún. Ba cheart bagairt phionóis atá soiléir agus rialta a bheith ann i bPríosún Chruithneachtáin maidir leis an infhaighteacht áiteanna laistigh de na saoráidí sin. Ba cheart príosúnaigh a aistriú go measartha luath tar éis iad a cheadú. Measann an coiste go bhfuil drochthoradh ar an mbronnadh áiteanna ar phríosúnaigh a bhfuil 18 mí nó níos mó fágtha ar a bpianbhreith acu mar is éagóraithe, feargach agus díspregtha leis an bpríosún a mhothaíonn príosúnaigh ar réim dhreasaithe fheabhsaithe a rinne iarratas ar phríosún oscailte ag a bhfuil 12 mhí nó níos lú le caitheamh acu nár bogadh. Tá an cleachtas ina chúis le heasaontas do phríosúnaigh a iompraíonn go maith ar shlí eile. Tá clár Scaoilte Shealadaigh agus clár um fhilleadh ar an bpobal á gcur chun feidhme ag an bpríosún. Measann an coiste gur bearta dearfacha iad sin.

### **Cuairteanna Príosúin:**

Tá príosúnaigh i dteideal cuairt amháin agus uasmhéid de thrí chuairt in aghaidh na seachtaine, ag brath ar an réim ar a bhfuil siad faoi láthair. Tá cuairteanna príosúin ar cheann de na príomhbhealaí trína dtéann drugaí agus earraí mídhleathacha eile isteach sa phríosún. Cuireann na húdaráis bearta ardslándaála i bhfeidhm chun é sin a chosc. Seiceálann



cuariteoirí príosúin isteach i limistéar fáiltithe lasmuigh den phríosún agus ansin fanann siad go dtí go ngairfear iad. Tá an limistéar feithimh glan agus tá go leor suíochán ann. Tá taisceadáin ar féidir le cuairteoirí a gcuid giuirléidí a chur isteach iontu ar fáil. Ag amanna gnóthacha, is cosúil go n-úsáidtear na taisceadáin mhóra níos minice ná na taisceadáin bheaga. Ní mór na taisceadáin a choinneáil i ndea-riocht agus ní mór glais fheidhmiúla a bheith acu. Téann cuairteoirí isteach sa phríosún ina dhiaidh sin trí bhearta slándála amhail X-gha agus madraí bolaíochta. Má ghabhtar cuairteoir agus drugaí ina sheilbh, tugtar fógra do na Gardaí. Tá na madraí ina n-uirlis thábhachtach maidir le rialú drugaí. Má tharlaíonn sé go mbraitheann madra cuairteoir, tar éis an cuairteoir sin a chuardach, déantar an chuairt taobh thiar de scáileáin ghloine. Bhí fadhb leis an aonad madraí maidir le tásca bréagacha. Creideann an coiste go bhfuil an t-aonad madraí i gcontúirt agus ní mór é a athoilúint chun dualgais bheachta a dhéanamh. Coinnítear bail mhaith ar an limistéar fáiltithe ach, nuair atá sé lán agus nuair atá an dá chuid in úsáid, is féidir leis bheith deacair do dhaoine cloisteáil mar is ceart. Tá seomraí teaghlaigh ann agus tá rochtain ag roinnt príosúnach air. Sa chás go gcuirtear cosc ar chuairteoir ó chuairt a thabhairt, creideann an coiste gur cheart treoirlíne shoiléir a úsáid chun eolas a thabhairt don chuairteoir agus don phríosúnach cá fhad a mhairfidh an cosc agus cad é an prótacal ba cheart a leanúint chun an cosc a bhaint. Ba cheart rud beag a trua a bheith ann i gcásanna ina bhfuil fíorchúis ag an gcuariteoir le bheith mall.

Úsáidtear cctv chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúirteanna a bhfuiltear in amhras orthu agus déantar cinneadh ina leith sin tar éis na cuairte de ghnáth. Ídíonn an próiseas cuairte méid mór acmhainní foirne toisc nach mór príosúnaigh a thabhairt suas ó gach cuid den phríosún. Tógann oifigigh am chun dul ó thaobh amháin den phríosún go dtí an chuid eile. Má tá amhras go bhfuair príosúnach rud neamhdhleathach ar bith, cuardaítear iad i seomra príobháideach coinneála. Creideann an coiste go bhfuil an limistéar cuairte á oibriú ag údaráis an phríosúin de réir caighdeán cóir agus ard. Mar sin féin, cuireadh roinnt saincheisteanna in iúl maidir le cuairteanna. Is minic a bhaintear mí-úsáid as an limistéar cuairte agus gur bearna gheata é le haghaidh drugaí a thabhairt isteach sa phríosún. Measann an Coiste gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tabhairt isteach leanaí nach gaolta na bpríosúnach iad. Tá sé an-deacair teacht ar an líne áirithinte. Ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar úsáid na gcóras nua-aimseartha TF i gcás an phróisis áirithinte. Má tá cuairteoir faoi urchosc, ba cheart amanna fráma atá soiléir agus cóir a chur chun feidhme. Ba cheart an páipéarachas le haghaidh cuairteanna amach anseo a eisiúint seachtain amháin ar a laghad roimh dhul in éag an pháipéarachais roimhe sin. Ba cheart torthaí athbhreithnithe ar chuairteoirí a chur in iúl don phríosúnach atá i gceist. Ba cheart na seomraí teaghlaigh a úsáid chomh minic agus a bhíonn siad ar fáil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil aghaidh á tabhairt ag na húdaráis ar chuma sheachtrach na limistéar poiblí. Rinneadh glantachán ar scála mór ar na carrchlóis agus rinneadh tírdhreachú orthu trí leas a bhaint as plandaí agus as bláthanna ón bpríosún. Téann sé sin i gcion ar chuairteoirí agus iad ag teacht. Tá an carrchlós poiblí saor in aisce agus tá neart spásanna ann. Is carrchlós neamhurraithe é agus bhí fadhbanna ann a bhain le carranna ar briseadh isteach iontu. Ar an iomlán, éiríonn go maith leis an limistéar cuairte agus níl aon fadhbanna móra ag na cuairteoirí leis an bpróiseas.

## **Sláinte:**

Tá rochtain ag na príosúnaigh ar dhochtúirí, ar altraí, ar fhiacloirí agus ar radharceolaithe. Má tá gá ag príosúnach le cóireáil éigeandála, cuirtear an chóireáil sin ar fáil dó. I gcás scrúduithe sláinte, tá príosúnaigh i dteideal na minicíochta céanna cúraim a chuirtear ar fáil sa chóras poiblí. Faoi láthair, tá riaráiste chun an radharceolaí a fheiceáil toisc nár ceapadh radharceolaí nua go fóill. Faigheann príosúnaigh cóireáil chóir agus scrúduithe leantacha de réir mar is gá i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Creideann an coiste go gcuirtear an cúram is fearr ar fáil do na príosúnaigh go léir a bhaineann leas as na seirbhísí leighis. Tá sé tábhachtach go bhfuil údarás an phríosúin ar an eolas faoi phríosúnaigh ar a bhfuil riochtaí leanúnacha a bhféadfadh forbairt ina riochtaí éagsúla. Tá sé tábhachtach go gcoinnítear línte cumarsáide idir príosúnaigh, an fhoireann leighis agus údarás an phríosúin oscailte agus soiléir. Tá comhphlé agus prótacal soiléir ag teastáil d'fhonn príosúnaigh a stopadh ó iarracht a dhéanamh cógas a stóráil nó d'fhonn stóráil chógais a bheith á cur ina leith a chosc. Tá an fhoireann leighis tiomanta dá gairm agus cuireann sí seirbhís den scoth ar fáil do phríosúnaigh.

Tá saincheist a bhaineann le príosúnaigh atá ag lorg an síceolaí a fheiceáil toisc go bhfuil riaráiste maidir leis an líon príosúnach a bhfuil gá acu le seirbhísí an tsíceolaí. Is cosúil go bhfuil na príosúnaigh an-sásta leis an tseirbhís agus dealraíonn sé go bhfuil dea-chaidreamh acu leis an bhfoireann. Tá an rannán seo mar chuid lárnach de chúram sláinte na bpríosúnach toisc gur féidir leis bheith deacair do roinnt acu strus shaol an phríosúin a sháru.

Cuirtear comhairleoireacht andúile ar fáil do phríosúnaigh sa phríosún freisin. Chomh maith leis sin, reáchtálann Príosún Chruithneachtáin clár chun saolta níos fearr a thógáil do phríosúnaigh roghnaithe. Cúrsa an-rathúil maidir le cúram meabhairshláinte na bpríosúnach is ea an cúrsa seo. Ba cheart smaoineamh faoi leaganacha den chúrsa seo a leathnú.

## **Séiplíneacht:**

Tá séiplíneacht an phríosúin ina cuid lárnach de leas na bpríosúnach. Freastalaíonn sí ar riachtanais spioradálta na bpríosúnach. Cabhraíonn an tseirbhís seo le príosúnaigh maidir le saincheisteanna teaghlaigh agus le cúrsaí pearsanta eile. Is líne thábhachtach chumarsáide atá ag príosúnaigh í agus ba cheart í a chosaint. Oibríonn siad go dícheallach chun seirbhís chomhbhách agus mhuiníneach a chur ar fáil do phríosúnaigh.

Rinne an príosún forálacha do phríosúnaigh a bhfuil creidimh éagsúla acu freisin. Toisc go bhfuil príosúnaigh a bhfuil creidimh éagsúla acu i bPríosún Chruithneachtáin, ní mór monatóireacht agus uasghrádú a dhéanamh ar na forálacha sin más gá. Níor cuireadh aon saincheisteanna in iúl don choiste maidir leis an rannán seo i mbliana.

## **Drugáí:**

Tá drugaí ina n-ábhar leanúnach imní i bpríosúin na hÉireann agus tá sé sin amhlaidh i bPríosún Chruithneachtáin. Cuireann údarás an phríosúin polasaí dian i leith drugaí i bhfeidhm, i gcomhréir le straitéis drugaí Sheirbhís Príosún na hÉireann. Cuirtear cuairteoirí chuig an bpríosún faoi scanóirí, faoi chuardaigh, faoi mhadraí bolaíochta, agus cuirtear a gcuid málaí faoi X-Ghathanna. Úsáidtear cctv chun monatóireacht a dhéanamh ar chuairteanna ar an bpríosún agus amharctar air ag céim níos déanaí. Tá clóis an phríosúin

clúdaithe le líontán chun earraí a chosc ó bheith á gcaitheamh ó lasmuigh de na ballaí imlíneacha. Cuireann údaráis an phríosúin béim mhór ar bhrath drugaí; is féidir príosúnaigh a chur faoi thástálacha fuail d'fhonn réim a athrú. Tá cinn staighre atá saor ó dhruaí ar fáil do phríosúnaigh ar mhian leo leas a bhaint astu. Creideann an coiste gur cuid thábhachtach den straitéis seo iad cinn staighre atá saor ó dhruaí. Creidimid freisin nár cheart do phríosúnaigh nach bhfuil cead acu teacht chuig na cinn staighre sin a bheith le fáil ansin. Is féidir bulaíocht agus bagairt a dhéanamh ar phríosúnaigh agus ar chuariteoirí leochaileacha chun drugaí a thabhairt isteach.

Is féidir le príosúnaigh leas a bhaint as cláir athshlánaithe drugaí laistigh den phríosún agus tugann na húdaráis spreagadh do phríosúnaigh an tseirbhís sin a úsáid. Eascraíonn cuid mhór deacrachtaí as úsáid drugaí sa phríosún. Creideann an coiste gur cheart d'údaráis an phríosúin leanúint ar aghaidh lena gcuid crua-oibre chun drugaí a dhíothú as an bpríosún. Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) seirbhísí i gcomhairleoireacht andúile ar fáil. Imríonn drugaí sa phríosún tionchar millteach ar shaolta na bpríosúnach. I gcás na bpríosúnach ar bhuaile an coiste leo le linn na bliana, bhí fadhb ag formhór díobh le drugaí ina saol ag am éigin. Creideann an coiste gur cheart do chomhrac údaráis an phríosúin in aghaidh drugaí sa phríosún na hacmhainní uile is gá dóibh a fháil ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre.

### **Príosúnacht 21 Uair:**

Gabhann príosúnaigh atá faoi phríosúnacht 21 uair trí eispéireas dian príosúin. Cé go bhfuil sé intuigthe go bhféadfadh sé bheith riachtanach príosúnachtaí 21 uair a úsáid i gcás príosúnaigh áirithe, níor cheart príosúnacht dheonach 21 uair a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach. Tar éis bualadh le príosúnaigh a bhí faoi phríosúnacht 21 uair, tá sé soiléir go dtéann na brúnna, na struis, agus an t-ionannas a bhaineann le saol an phríosúin i ndéine. Creideann an coiste gur cheart tús áite a thabhairt do chúram meabhairshláinte na bpríosúnach sin. Tá roinnt príosúnach i bPríosún Chruithneachtáin atá faoi phríosúnacht 21 uair agus creideann an coiste go ndéanann údaráis an phríosúin iarracht príosúnaigh a spreagadh chun imeacht ón réim sin. D'éirigh go geal leis an bPríosún príosúnacht 23 uair a laghdú go príosúnacht 21 uair.

### **Aistrithe ó Fhoras Naomh Pádraig:**

Tar éis Foras Naomh Pádraig a dhúnadh, bogadh roinnt de na príosúnaigh sin chuig Príosún Chruithneachtáin. Tá siad leithscartha ó phríomhphobal an Phríosúin. D'éirigh go geal le Lucht Bainistíochta Phríosún Chruithneachtáin an limistéar leithscartha a ullmhú. Is conspóideach a fhanann roinnt saincheistanna ar nós damáiste á dhéanamh ag príosúnaigh do na cillíní nua agus don trealamh nua.

### **Ciontóirí Gnéis:**

Bhí roinnt ciontóirí gnéis ag Príosún Chruithneachtáin. Tá na príosúnaigh sin bogtha anois chuig Príosún an Láir Tíre. Chruthaigh sé sin spás chun cóiríocht a chur ar fáil d'ógánaigh Fhoras Naomh Pádraig.

### **Foréigean Príosúin:**

Tá laghdú ag teacht ar an méid foréigin agus ar an líon ionsaithe i measc príosúnach sa phríosún. Chuir na húdaráis tarscaoilte armán i bhfeidhm chun na hearraí sin a bhaint ón bpríosún. Creideann an coiste go bhfuil torthaí dearfacha á mbaint amach laistigh den phríosún mar gheall ar an gcineál seo de chur chuige forásach i leith foréigean príosúin. Glacann foireann agus údaráis an phríosúin foréigean agus ionsaithe sa phríosún go han-dáiríre agus tá sábháilteacht na bpríosúnach an-ard ar a gcuid liosta tosaíochtaí.

### **Seirbhísí/Saoráidí Eile**

Tá naisc ag an bpríosún le grúpaí seachtracha amhail an Chros Dhearg agus na Samáraigh. Soláthraíonn siad seirbhís den scoth ar féidir le príosúnaigh páirt a ghlacadh inti. I gcodanna áirithe den phríosún, chuir na Samáraigh oiliúint ar phríosúnaigh chun bheith ina n-éisteoirí. Is acmhainn an-luachmhar í sin, toisc gur féidir le príosúnaigh labhairt le daoine nuair atá fadhb acu. Faoi threoirínte dochta, cuireadh tús le 'grúpa príosúnach faoi phianbhreith saoil' a thriail ar feadh tréimhse sa todhchaí. Tá rochtain ag príosúnaigh ar chonsóil chluichí, ar tháblaí púil agus ar chártaí imeartha, i measc nithe eile. Níor cuireadh aon saincheisteanna in iúl don choiste maidir le cistí pearsanta na bpríosúnach.

### **Bainistíocht Pianbhreithe:**

Oibríonn an príosún clár bainistíochta pianbhreithe comhtháite. Déantar comhphlé idir an príosún agus na príosúnaigh ar conas is féidir leo an chuid is fearr a bhaint as a gcuid ama sa phríosún. Tugann sé sin tuiscint shoiléir do na príosúnaigh faoina dtodhchaí laistigh den phríosún. Glacann na húdaráis le cur chuige dearfach i leith pianbhreitheanna a ghearradh. Creideann an coiste go n-oibríonn údaráis an phríosúin go dícheallach chun a chinntiú go bhfaigheann príosúnaigh ar réimeanna dreasaithe fheabhsaithe deis chun iarratas a dhéanamh ar Scaoileadh Sealadach nó ar aistriú chuig saoráidí oscailte. Tá an coiste den tuairim go nglacann údaráis an phríosúin le cur chuige cóir agus daonnachtúil i leith pianbhreitheanna príosúnach. Sa chás go bhfaigheann an Gobharnóir iarratas ar fhaisnéis nó ar aistrithe etc. ó phríosúnach, creideann an coiste gur cheart don Ghobharnóir céanna an t-iarratas sin a leanúint go dtí go dtabharfar chun críche é chun dúbailt agus mífhaisnéis a sheachaint. Ní mór do na línte cumarsáide bheith oscailte agus soiléir i gcónaí.

### **Conclúid:**

Tá an Coiste Cuairte den tuairim go bhfuil Ionad Coinneála Chruithneachtáin ina shaoráid nua-aimseartha agus fhorásach agus go reáchtáiltear go maith é. Sa timpeallacht

dhúshlánach eacnamaíoch atá ann faoi láthair, creidimid go ndéanann údaráis agus foireann an phríosúin post den scoth maidir leis an tsaoráid a chothabháil. Oibríonn an fhoireann ar bhealach cothrom agus atruach agus iad ag déileáil leis na príosúnaigh. Tugtar gach deis do na príosúnaigh iad féin a fheabhsú laistigh den phríosún. Ní raibh orainn, an coiste, déileáil le haon teagmhais mhóra le linn na bliana agus tá sé sin ina ómós don obair a dhéanann an fhoireann. Táimid den tuairim go mbaineann an-tábhacht le cumarsáid shoiléir a bheith ann idir na húdaráis agus na príosúnaigh.

Ba mhian linn, Coiste Cuairte Phríosún Chruithneachtáin, buíochas a ghabháil leis an nGobharnóir, an tUasal Patrick Kavanagh, lena chuid comhghleacaithe agus leis an bhfoireann ar fad ag Príosún Chruithneachtáin as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe le linn na bliana. Guímid gach rath ar an Uasal John O'Neill, ball den Choiste, agus gabhaimid buíochas leis as a obair dhícheallach ar fud na mblianta. Leanfaidh Coiste Cuairte Phríosún Chruithneachtáin ar aghaidh lena chuid oibre sa bhliain atá le teacht in 2014.

---

An tUasal Stewart Stephens (Cathaoirleach)

---

Kathleen Gill Uas.

---

Brenda Coyne Uas.

---

Anne Carter Uas.